UIMH. 14
Earrach/Samhradh 2006

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige **Nuachtlitir**

cecde
An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na **Luath-Óige**

Alana

Lainseáil 30ú Bealtaine - **Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige** leathanach 3

Sorcha ag baint taitneamh as seoladh Síolta

San eagrán seo...

Soláthar do Bhlianta Luatha Leanaí le Riachtanais Speisialta ó Bhreith go hAois Sé Bliana in Dhá Limistéar Gheografacha in Éirinn
Dul Chun Cinn na Mic Léinn Taighde
Ár nOifigeach Forbartha Nua
Tuairisc ar an Iniúchadh ar Thaighde
Aonad Beartais d'Oideachas na Luath-Óige

Heino Schonfeld

Clár Ábhair

Eagarfhocal 2

Seoladh *Síolta*, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige 3

Soláthar do Bhlianta Luatha Leanaí le Riachtanais Speisialta ó Bhreith go hAois Sé Bliana in Dhá Limistéar Gheografacha in Éirinn 4

Dul Chun Cinn na Mic Léinn Taighde 5 - 8

Ár nOifigeach Forbartha Nua 9

Tuairisc ar an Iniúchadh ar Thaighde 10

Aonad Beartais d'Oideachas na Luath-Óige 10

Eagarthóir
Heino Schonfeld

Clóite ag
Print Media Services

Má tá moltaí ar bith agat maidir leis an nuachtlitir déan teagmháil le Peadar Cassidy, Oifigeach Eolais, ag 01 8842113 **peadar.cassidy@spd.dcu.ie.**

Míle buíochas le Áine Nolan agus DCULS le haghaidh an aistriú a rinne siad do leagan Gaeilge do Alana.

Fáilte...

…chuig an eagrán seo de nuachtlitir an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige. Tharla go leor rudaí ó eisíodh an nuachtlitir dheireanach i mí na Nollag 2003. Chuir Buiséad 2006 roinnt nuálacha maithe ar fáil dúinn maidir leis an mbealach ina riartar seirbhísí do leanaí, chomh maith le tiomantais shuntasacha maidir le hinfheistíocht phoiblí.

Mhol roinnt tuarascálacha a eisíodh chomh fada siar leis an bPáipéar Bán ar Oideachas na Luath-Óige *Ready to Learn* (1999) agus a eisíodh chomh déanaí le tuarascáil NESF Uimh. 31, *Early Childhood Care and Education,* comhtháthú níos fearr d'fhorbairt beartais i réimse sheirbhísí na luath-óige. I ndiaidh Buiséid 2006, bhunaigh an *Rialtas Oifig an Aire do Leanaí* (OMC). Is cuid thábhachtach den Roinn Sláinte agus Leanaí é an OMC, agus díreoidh sé ar chomhoiriúnú na saincheisteanna beartais a mbíonn tionchar acu ar leanaí i réimsí, cosúil le cúram agus oideachas na luath-óige. Beidh baill foirne a oibríonn i réimse oideachas na luath-óige sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta comhbhunaithe san OMC chun cur chuige nasctha rialtais a chur ar fáil d'fhorbairt beartais agus seachadadh seirbhísí. Is coincheap nua é coincheap an "chomhbhunaithe" agus ní mór go mbeadh níos mó i gceist leis ná na hoifigí a bheith gar dá chéile chun comhoibriú éifeachtach a chinntiú ar leibhéal an rialtais.

Ina theannta sin, mar fhreagra ar mholtaí sna tuarascálacha a luadh cheana, bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Aonad Beartais d'Oideachas na Luath-Óige. Cuirtear sonraí breise faoi fheidhm agus dualgas an aonaid nua sin ar fáil san eagrán seo den nuachtlitir.

D'fhéadfaí a rá gurb é an tiomantas is suimiúla agus is suntasaí ó thaobh na straitéise de a rinneadh i mBuiséad 2006 an *Tionscnamh Oiliúna* molta a chiallódh go gcuirfí oiliúint ar 17,000 oibrí cúraim leanaí cáilithe faoi dheireadh 2010. Ba chóir go gcuirfeadh an tionscnamh sin tús le soláthar infrastruchtúir acmhainní daonna chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeabhas riachtanach a chur ar chaighdeán chúram agus sholáthar oideachas na luath-óige.

Is gné eile d'fheabhas a chur ar chaighdeán ná creata cleachtais éifeachtacha a fhorbairt cosúil lenár gclár féin *Síolta, An Chreatlach Náisiúnta d'Oideachas na Luath-Óige.* I ndiaidh a sheolta phoiblí an 30 Bealtaine 2006, tá an doiciméad tábhachtach sin ar fáil do na páirtithe leasmhara uile, agus táimid ag tnúth go mór le *Síolta* a phlé libh ar bhealach rathúil.

Heino Schonfeld,
Stiúrthóir

Seoladh Síolta

Breis eolas ar *Síolta* le fáil ar an láithreán gréasáin **www.siolta.ie**

Lainseáil an tAire Leanaí, Brian Lenihan TD., An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige i dTeach an Ard Mhéara, Baile Átha Cliath ar an 30ú Bealtaine. *Síolta* an tainm atá ar an gcreatlach agus is é an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige a cheap agus a d'fhoilsigh í.

Ag labhairt dó ag an lainseáil, dúirt stiúrthóir an Lárionaid, Heino Schonfeld, "Don chéad uair in Éirinn, cuireann *Síolta* ar fáil réimse coiteann caighdeán cáilíochta thar réimse éagsúil suíomh do pháistí ó bhreith go sé bliana, ina measc cúram iomlán lae, seirbhísí seisiúnacha, feighlíocht leanaí agus ranganna naíonán insna bunscoileanna. Tá *Síolta* deartha chun cabhrú leo siúd go léir atá gafa le hoideachas luath-óige cúram agus oideachas den scoth a sholáthar do pháistí óga. Téann na heispéiris a bhíonn ag páistí i rith a mblianta múnlaitheacha i gcion go mór orthu ar feadh a saoil; dá bhrí sin tá oideachas ar ardchaighdeán thar a bheith tábhachtach. Tá *Síolta* i gcomhréir le hÉirinn na haoise seo chomh maith, mar go n-aithníonn sé a hoidhreacht chultúrtha agus teanga agus, ag an am céanna, na hathruithe eacnamaíocha agus deimeagrafacha atá tarlaithe."

Tugann *Síolta* aghaidh ar réimse leathan ceisteanna, ina measc cearta an pháiste, gafacht an tuismitheora, curaclam, cleachtas proifisiúnta, agus tábhacht an tsúgartha. Forbraíodh an clár i bhfianaise réimse fairsing taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bhuneilimintí eispéireas ar ardchaighdeán do pháistí. Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an Lárionad i 2002, agus cheap an Lárionad *Síolta* i gcomhar le coiste comhairleach ar a raibh níos mó ná 50 eagraíocht a bhí ionadaitheach don earnáil chúram agus oideachas luath-óige in Éirinn, ina measc Barnardos, an Children's Rights Alliance, Oifig Náisiúnta na Leanaí agus Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí.

> "Tá an-fháilte roimh fhoilsiú Shíolta"
> An tAire Leanaí, Brian Lenihan TD

Ag labhairt dó ag an lainseáil, dúirt an tAire Leanaí, Brian Ó Luineacháin TD, "Tá cuid shuntasach de na tiomantais pholasaí a rinneadh i bPáipéar Bán an Rialtais ar Oideachas na Luath-Óige, *Ready to Learn*, curtha i ngníomh le forbairt Shíolta mar chreatlach cáilíochta cúram agus oideachas na luath-óige. Tá an-fháilte roimh fhoilsiú Shíolta."

D'fhreastail páistí a chabhraigh le taighde agus táirgeadh an doiciméid ar an lainseáil chomh maith le haíonna ón earnáil chúram agus oideachas luath-óige.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil do Averil Rafferty agus na páistí ón Ozanam House.

Soláthar do Bhlianta Luatha Leanaí le Riachtanais Speisialta ó Bhreith go hAois Sé Bliana in Dhá Limistéar Gheografacha in Éirinn

An Roinn um Oideachas Speisialta Coláiste Phádraig Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9

Taighde Coimisiúnaithe agus Maoinithe ag an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Bhain príomhcheisteanna an staidéir seo le cineál an tsoláthair d'Oideachas agus Cúram Luath-Óige atá ar fáil in Éirinn do leanaí ó bhreith go haois sé bliana. Dhírigh an staidéar seo go sonrach ar an soláthar do leanaí le riachtanais speisialta agus a mhéid agus a théann sé leis na fachtóirí a aithníonn an litríocht mar idirghabháil luath éifeachtach do na leanaí sin. Sa staidéar, sainmhínítear leanaí le riachtanais speisialta mar leanaí faoi mhíchumas agus/nó leanaí atá i mbaol ar chúiseanna a bhaineann le míbhuntáiste socheacnamaíoch. Tógtar an sainmhíniú sin ó Thuairisc an Special Education Review Committee (SERC, 1993) a áiríonn ina shainmhíniú de riachtanais speisialta, iad uile nach féidir leo go leor leasa, nó ar deacair dóibh go leor leasa, a bhaint as an oideachas a chuirtear ar fáil do leanaí ar an aois chéanna mar thoradh ar a míchumas agus/nó a gcúinsí.

Baineann an staidéar taighde seo le scrúdú a dhéanamh ar chineál, méid agus caighdeán an tsoláthair do leanaí faoi mhíchumas agus do leanaí atá i mbaol mar thoradh ar mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, i gcomhthéacs na hÉireann. Is éard atá sa staidéar ná athbhreithniú ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar idirghabháil luath agus suirbhé domhain ar an soláthar in dhá réigiún gheografacha sa tír. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an staidéir:

(i) Athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht chun iarracht a dhéanamh fachtóirí a aithint a chabhraíonn le hidirghabháil luath éifeachtach do leanaí faoi mhíchumas agus leanaí atá i mbaol mar thoradh ar mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

(ii) An soláthar a chuirtear ar fáil in dhá réigiún gheografacha in Éirinn a thaifeadadh agus léargas a chur ar fáil ar chineál agus caighdeán an tsoláthair sin i gcomhthéacs na bhfachtóirí a chabhraíonn le cleachtas éifeachtach a aithníodh san athbhreithniú ar an litríocht.

(iii) Moltaí a dhéanamh maidir le beartas don todhchaí, taighde agus cleachtas i soláthar do bhlianta luatha na leanaí sin.

Tá an tuairisc iomlán ar fáil anois ar láithreán gréasáin an Lárionaid ag **www.cecde.ie**

Foilseofar achoimrí feidhmiúcháin na tuairisce seo agus ár dtionscadail taighde eile in am agus i dtráth.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí i Luath-Oideachas Leanaí an Luchta Siúil

Anne Boyle

Le Anne Boyle

Déanann an taighde seo iniúchadh ar choincheap de rannpháirtíocht tuismitheoirí san oideachas chun a fháil amach cén saghas rannpháirtíochta is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais leanaí Luchta Siúil réamhscoile agus a dtuismitheoirí.

Tá an dearcadh ann go n-aithnítear cearta tuismitheoirí agus go bhfeabhsaítear éifeachtúlacht scoileanna nuair a chomhoibríonn tuismitheoirí agus scoileanna i gcomhpháirtíocht bunaithe ar chomhionannas agus cumarsáid. Foghlaimíonn leanaí noirm shóisialta agus cleachtais chultúrtha a bpobail sa bhaile sula dtosaíonn siad sa chóras oideachais, agus daingníonn Bunreacht na hÉireann (1937) gurb é an teaghlach oideachasóir nádúrtha agus príomhúil an linbh. Mar sin, tá an chuma air go mbeadh rannpháirtíocht tuismitheoirí i scoileanna mar shíneadh nádúrtha chearta bunreachtúla na dtuismitheoirí.

Is ceart é, ach cuirtear an tuairim chun cinn freisin go gcuireann rannpháirtíocht tuismitheoirí feabhas ar éifeachtúlacht scoileanna. Deimhníonn staidéir éagsúla, lena n-áirítear meitea-anailísí déanta ag Jeynes (2004, 2005) go mbaineann buntáistí le rannpháirtíocht tuismitheoirí. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a leanaí i gcáipéisí beartais le deich mbliana anuas (e.g. ROE 1995, 1998, 2003) agus tá rannpháirtíocht tuismitheoirí ríthábhachtach i dtionscnaimh cosúil leis an Scéim Chaidrimh um Baile um Scoil um Pobal agus Clár Réamhscoile an Túis Luaith. Tugann an staidéar seo aird ar leith ar an mbearna ar féidir a bheith ann idir an baile agus an scoil. Ní grúpa aonchineálach iad tuismitheoirí agus tá a mbaint leis an oideachas "raced, classed and gendered", mar a luaigh Vincent agus Martin (2005). Ní bhíonn an caipiteal cultúrtha (Bourdieu) ag roinnt tuismitheoirí atá le teastáil chun rath scoile a bhaint amach. Is féidir é sin a fheiceáil le leanaí an Luchta Siúil - ní léirítear a gcultúr sa scoil agus ní bhaineann siad an tairbhe chéanna as an oideachas agus a bhaineann a bpiaraí nach baill den Lucht Siúil iad.

Féadann rannpháirtíocht mhéadaithe tuismitheoirí aitheantas cultúrtha an Luchta Siúil a fheabhsú, agus feabhas a chur ar fhorthorthaí mar thoradh air sin.

> Bhfeabhsaítear éifeachtúlacht scoileanna nuair a chomhoibríonn tuismitheoirí agus scoileanna i gcomhpháirtíocht bunaithe ar chomhionannas agus cumarsáid.

Tá a lán bealaí éagsúla le rannpháirtíocht a dhéanamh. Ag baint úsáide as coincheapa ó Arnstein (1969) agus Edwards agus Knight (1997), forbraíodh léarscáil dhá-thoiseach ar féidir cuir chuige éagsúla maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí a lonnú uirthi. Clúdaíonn an ais ingearach an raon ó íosleibhéil go huasleibhéil ghníomhaíochta, agus léiríonn an ais chothrománach raon a théann ó bheith ag freastal ar chlár oibre scoile go dtí le bheith ag freastal ar chlár oibre tuismitheoirí.

Nuair a bhíonn leibhéal íseal gníomhaíochta ann, níl sa rannpháirtíocht ach íomhá. B'fhéidir go gcuirtear in iúl do thuismitheoirí go bhfuil siad rannpháirteach, ach i ndáiríre bíonn siad eisiata. Nuair atá leibhéal réasúnta gníomhaíochta ann, tá gá ann a fháil amach cé atá i gceannas, an scoil nó an tuismitheoir. Níor chóir go mbeadh ceannasaíocht iomlán ag taobh amháin ná ag an taobh eile. Má chuirtear ina luí ar thuismitheoirí glacadh le clár oibre na scoile, d'fhéadfadh an leanbh tairbhe a bhaint as, ach cailleann tuismitheoirí an féinrialú. Má leagann tuismitheoirí an clár oibre amach, cuirtear saineolas múinteoirí agus eolas oideolaíoch i leataobh, agus caitear leis an oideachas mar thráchtearra.

Moltar gurb é an cur chuige is fearr é cur chuige ina mbíonn tuismitheoirí mar chomhpháirtithe comhionanna leis an scoil, a ghlacann páirt i bplé neamh-chomhéigneach (Habermas, 1984) a thugann deis do gach duine ionchur a dhéanamh ar bhonn comhionann.

Is suíomh iontach é an réamhscoil don rannpháirtíocht sin, mar is chéad teagmháil an linbh é le hoideachas lasmuigh den bhaile. Is suímh phobalbhunaithe agus íogair don chultúir iad réamhscoileanna an Luchta Siúil, nach mbaineann foirmiúlacht ná castacht scoileanna níos mó leo. Tá deis mhór ann múinteoirí agus tuismitheoirí a thabhairt le chéile i gcomhpháirtíocht chun rudaí a mheas agus chun comhoibriú ar son leas an linbh.

Is taighde cáilíochtúil é formhór an taighde phraiticiúil a rinneadh don staidéar seo, inar labhraíodh le tuismitheoirí, múinteoirí agus eile mar iarracht teacht ar na creidimh, ionchais agus cúiseanna eagla atá ann maidir le cleachtais reatha agus cleachtais a d'fhéadfadh a úsáid. Bíonn cur chuige cáilíochtúil, idirgníomhaíoch agus athfhillteach cuí go háirithe nuair a dhéanann taighdeoir ón mórphobal taighde le baill mhionghrúpa eitnigh "to create space for dialogue across difference" (Smith, in Denzin agus Lincoln, 2005). Déanann an staidéar seo cineál agus méid rannpháirtíochta tuismitheoirí i réamhscoileanna an Luchta Siúil a mheas. Le cois sin, trí anailís a dhéanamh ar chleachtas reatha i bhfianaise na litríochta, déanann sé iarracht moltaí maidir le sárchleachtas a fhorbairt. Léirigh fócasghrúpa taiscéalaíoch tosaigh agus taighde ó agallaimh le tuismitheoirí agus múinteoirí go mbeadh suim acu i leibhéil rannpháirtíochta na dtuismitheoirí a mhéadú.

Carmel Brennan

Comhpháirtithe sa Súgradh: Conas a fhorbraíonn agus a thacaíonn leanaí le rannphairtíocht i súgradh sóch-dhrámatach agus fantaisíochta

Le Carmel Brennan

Díríonn an taighde seo ar conas a eagraíonn agus a thacaíonn leanaí le rannpháirtíocht i súgradh soch-dhrámata agus fantaisíochta agus cuireann sé na tuairimí seo a leanas chun cinn (1) go bhfuil rannpháirtíocht i ngníomhaíocht shóisialta mar mheán agus mar thoradh na foghlama (Vygotsky 1978; Rogoff 1990; Lave agus Wenger 1991), agus (2) go gcuireann súgradh soch-dhrámatach agus fantaisíochta comhthéacs saibhir ar fáil do leanaí inar féidir leo rannpháirtíocht i róil agus comhthéacsanna éagsúla a eagrú agus a fhorbairt.

Mar thoradh ar nádúr siombalach an tsúgartha (Piaget 1965/32; Vygotsky 1967/1976) cuireann sé deis ar fáil staidéar agus anailís a dhéanamh ar thuiscint leanaí ar an domhan, agus mar a mholann James et al (1998/2001) *'to glimpse the ways in which processes of cultural reproduction are taking place'*. Déanann an anailís léirithe iarracht míniú a thabhairt ar an tslí a gcomh-thógann leanaí aitheantais agus struchtúir shóisialta chun críche páirt a ghlacadh i súgradh ina ligeann siad rudaí orthu, agus trí mheán páirt a ghlacadh sa súgradh sin.

Modheolaíocht

Baineadh úsáid as cur chuige eitneagrafach, ag déanamh cur síos saibhir láidir (Geertz 1973) ar thaithí grúpa shonraigh, agus rinneadh é trí (1) breathnóireacht na rannpháirtithe (le físcheamara) agus comhairliúchan le leanaí agus (2) anailís mhionsonrach ar idirghníomhaíochtaí laethúla agus léirmhínithe sa súgradh (Atkinson agus Hammersley 1994). Is éard atá sna sonraí eimpíreacha ná imeachtaí súgartha, bailithe den chuid is mó le linn chéad téarma bhliain an ghrúpa súgartha, le 20 leanbh ó 2-5 bliana d'aois.

Seasamh Teoiriciúil

Tá an taighde lonnaithe i ndearcadh soch-chultúrtha agus mar sin, is túsphointe na teoirice é féachaint ar leanaí mar aisteoirí sóisialta le hinspreagadh inmheánach cultúr a fhoghlaim agus smaointeoireacht a roinnt le daoine eile (Stern 1977; Trevarthen 1998). Bíonn foghlaim an duine daonna lonnaithe sa chomhthéacs sóisialta agus cultúrtha ina mbíonn cónaí ar dhaoine agus déanann córas institiúdach agus siombalach na sochaí sin eadráin uirthi (Vygotsky 1978; Wertsch 1985). Bíonn saol súgartha leanaí, cosúil lena n-eispéiris uile, ann i gcaidreamh sofhreagrach, cómhalartach le fachtóirí micrea-idirghníomhaíochta cosúil le caidrimh idirphearsanta leanaí, agus fachtóirí macra-idirghníomhaíochta cosúil le struchtúir eacnamaíocha, polaitiúla agus cultúrtha, agus creidimh eitneacha (Bronfenbrenner 1979; Buchbinder, Longhofer et al. 2006). Glacann leanaí leis na fachtóirí sin agus tógann siad iad freisin (Rogoff 1990). Díríonn an anailís ar conas a fhorbraíonn leanaí rannpháirtíocht roinnte sa súgradh trí scileanna idirphearsanta a úsáid agus trí aitheantais, róil, rialacha agus gnáthaimh shóisialta a atógáil le chéile.

Torthaí agus plé

Bíonn rannpháirtíocht sa súgradh casta. Sna céimeanna luatha de chruthú grúpaí, braitheann rannpháirtíocht den chuid is mó ar mhéin agus scil an linbh féinchlárú i ról agus nascadh le páirtithe potéinsiúla eile trí, mar shampla, tionscnaimh ainmniúcháin, tuineacha comhoibritheacha a úsáid agus mothú dearfach a chaitheamh amach (Aarts 2000). Fiú amháin leis na scileanna sin, bíonn sé deacair uaireanta fáil isteach ar chomhpháirtíochtaí fadbhunaithe ina bhfuil an idirshuibiachtúlacht dea-fhorbartha. Go háirithe, ní mór do leanaí páirt a ghlacadh sa chomhthógáil (Corsaro 1985) a leagann amach na bealaí ina mbíonn buachaillí agus cailíní, daoine nua-thagtha agus daoine atá ann le fada, daoine cumhachtacha agus íochtaránacha, agus grúpaí áirithe ag súgradh laistigh den ghrúpa súgartha sin. Mar sin, chun a bheith rannpháirteach bíonn gá leis an inniúlacht téamaí súgartha agus dioscúrsaí a eascraíonn as an gcultúr níos leithne a thuiscint agus cur leo. Is é sin an dúshlán agus an fhoghlaim a bhaineann le rannpháirtíocht sa súgradh agus a bhíonn mar thoradh air. Is turas criticiúil, agus uaireanta deacair é, mar a léiríonn na sonraí. Bíonn impleachtaí móra ag an turas a roinnt don oideolaíocht agus don tuistiú araon.

> Mar thoradh ar nádúr siombalach an tsúgartha cuireann sé deis ar fáil staidéar agus anailís a dhéanamh ar thuiscint leanaí ar an domhan.

Íomhánna den Mhéid atá Indéanta a Úsáid mar Bhunús an Chleachtais

Mary Irving

Le Mary Irving

Mhol Anne Louise Gilligan (2005) go bhféadfaí íomhánna den mhéid atá indéanta a úsáid mar bhunús an chleachtais scoile in áit "jaded language" an mhíbhuntáiste oideachasúil. Baineann cleachtas mar sin le mo chuid taighde.

Ar dtús, bhí suim agam i measúnacht a dhéanamh ar fhoghlaim leanaí óga. Go tapa, bhí sé soiléir dom gur próisis iad an mheasúnacht, an fhoghlaim agus an teagasc nach féidir a scaradh óna chéile. Ní le feabhsú na foghlama amháin a bhaineann an teagasc áfach; baineann sé freisin le feabhas a chur ar an inspreagadh foghlama (Tschannen-Moran et al 1998). Díríonn mo chuid taighde ar fhorbairt thuiscint na Naíonán Beag ar mhatamaitic, agus ar a ndearcadh uirthi.

Forordaíonn an Curaclam Athbhreithnithe ábhar chlár matamaitice na Naíonán Beag. Molann sé freisin cur chuige tógálachais: tarlaíonn an fhoghlaim is fearr nuair a thógann leanaí tuiscintí matamaiticiúla nua bunaithe ar a n-eolas reatha. Ní bhíonn sé éasca i gcónaí cur chuige mar sin a chur i bhfeidhm.

Tuigtear, áfach, nach gcabhraíonn cur chuige traidisiúnta bunaithe ar théacsleabhair agus leabhair shaothair le daltaí i scoileanna ar a dtugtar scoileanna faoi mhíbhuntáiste (An Roinn Oideachais 2005). Tuigtear freisin nach gciallaíonn inniúlacht i leabhair shaothair inniúlacht mhatamaiticiúil,go háirithe i gcás leanaí óga (Hughes, 1986). Ar deireadh, thug an mheastóireacht a rinne an Roinn Oideachais le déanaí faoi deara nach dtéann an teagasc agus an fhoghlaim le chéile. Go sainiúil, ní tharlaíonn an fhoghlaim is fearr i gcónaí fiú amháin nuair a dhéantar an teagasc is fearr. Nuair a chuirtear na torthaí sin le chéile, léirítear go bhfuil gá le cuir chuige nua chun feabhas a chur ar inniúlacht mhatamaiticiúil leanaí óga.

Gan amhras, ba chóir do na cuir chuige sin díriú isteach ar fhachtóirí a bhfuil smacht ag na scoileanna orthu. Is é is tábhachtaí gur féidir le múinteoirí roinnt smachta a choinneáil ar fhachtóirí nach bhfuil smacht díreach acu orthu trí na dearcaí a chothaíonn siad. Baineann tábhacht dhearcadh an mhúinteora leis an tionchar a bhíonn ag an dearcadh sin ar iompar múinteoirí, agus mar sin ar fheidhmíocht daltaí.

Féadann múinteoirí a thuiscint ó stádas socheacnamaíoch dalta go bhfuil inniúlacht íseal ag an dalta sin. Cothaíonn na dearcaí sin ionchais ísle nach éasca a athrú agus a íslíonn inniúlacht daltaí. Ina theannta sin, creideann múinteoirí rudaí éagsúla faoin méid ar féidir leo dul i gcion ar fhoghlaim daltaí. Maidir leis sin, deir Bandura (1997) gur tionchar neamhdhíreach é ceann de na tionchair is mó a bhíonn ag stádas socheacnamaíoch íseal: bíonn múinteoirí báite sna fachtóirí diúltacha nach mbíonn smacht acu orthu, agus mar sin ní chreideann siad go bhfuil an méid céanna indéanta.

Ar deireadh, agus b'fhéidir gurb éan rud is tábhachtaí é go gcreideann múinteoirí rudaí faoi nádúr na hinniúlachta. Féadtar féachaint ar an inniúlacht mar scil ar féidir í a fhoghlaim nó mar inniúlacht inmheánach. Bíonn impleachtaí éagsúla ag na coincheapa éagsúla sin den inniúlacht ar chleachtas sa seomra ranga. Mar shampla, má cheaptar gur féidir inniúlacht a fhoghlaim, mar sin níl i leibhéal feidhmíochta ach an leibhéal scile reatha, leibhéal a rachaidh i bhfeabhas le cleachtadh. Má cheaptar gur acmhainn inmheánach í an inniúlacht, tá an fheidhmíocht diagnóiseach mar léiríonn sé leibhéal seasta inniúlachta an duine. De réir an dearcaidh dhiúltaigh sin, níor chóir an iomarca iarrachta a dhéanamh mar

léiríonn sé leibhéal inniúlachta seasta íseal. I gcodarsnacht leis sin, dar le cur chuige na scile infhoghlama, is í an iarracht an t-inneall a chuireann forbairt chognaíoch chun cinn.

> Bealach amháin chun feabhas a chur ar thuiscint mhatamaiticiúil ná gan féachaint ar fheidhmíocht leanaí ach scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar an eolas agus na straitéisí bunúsacha atá acu.

Baineann an taighde reatha le sé rang de Naíonáin Bheaga i scoileanna a dtugtar scoileanna faoi mhíbhuntáiste orthu, ag cur dhá chlár i bhfeidhm: Number Worlds agus Big Maths for Little Kids. Tá roinnt gnéithe cosúla ag an dá chlár: dearadh iad chun leanaí a spreagadh agus chun dúshlán a thabhairt dóibh, tá siad bunaithe ar ghníomhaíochtaí, leagann siad béim ar fhorbairt teanga, agus dearadh an dá cheann go sonrach le haghaidh leanaí ceithre bliana d'aois ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Leanfar ar aghaidh leis na cláir a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na scoilbhliana reatha 2005-2006.

Tá daltaí agus múinteoirí araon fós an-dearfach faoin tionscadal seo. Tá an chuma air gur bealach amháin chun feabhas a chur ar thuiscint mhatamaiticiúil ná gan féachaint ar fheidhmíocht leanaí ach scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar an eolas agus na straitéisí bunúsacha atá acu. Cé go dtógann sé sin go leor ama, féadann sé teacht ar eolas iontach agus ar straitéisí nach mbainfí úsáid astu gan an scrúdú domhain sin.

Droichid a Thógáil: An tAthrú ó Réamhscoil go dtí an Scoil le haghaidh leanaí in Éirinn

Mary O'Kane

Le Mary O'Kane

I dtéarmaí oideachais leanaí, ciallaíonn athrú an próiseas a bhaineann le gluaiseacht ó shuíomh amháin go suíomh eile. Is minic a chiallaíonn athrú go suíomh oideachasúil eile athrú ar láithreáin, múinteoirí, curaclam, agus fealsúnacht oideachasúil. Déanann an staidéar seo iniúchadh ar cheann de na hathruithe is tábhachtaí a tharlaíonn le linn blianta na luath-oideachais, an t-athrú ón réamhscoil go scolaíocht fhoirmiúil.

Bíonn sé éasca do roinnt leanaí déileáil leis an timpeallacht oideachasúil nua seo; faigheann roinnt leanaí, áfach, gur tasc dúshlánach é timpeallacht shochar a bhfuil aithne acu uirthi a fhágáil agus bogadh isteach i dtimpeallacht seomra ranga nua (Brostrom, 2000).

Tá go leor taighde idirnaisiúnta déanta ar an athrú sin, ó raon leathan dearcaí (Pianta & Cox, 1999; Fabian agus Dunlop, 2000; EECERA, 2003). I bhfianaise an taighde sin, tá saincheist an athraithe ag teacht chun cinn mar thógán nua tábhachtach in COLO, le creat athrú-go-scoil ag teacht i gcomharbacht ar an tógán a bhain le bheith réidh don scoil. Mar sin féin, go dtí seo ní dhearnadh aon taighde cuimsitheach ar réimse an athraithe ón réamhscoil go dtí an scoil in Éirinn (Walsh, 2003).

Bhain Pas I den staidéar seo le ceistiúchán a dhéanamh ar an athrú ó réamhscoil go scolaíocht fhoirmiúil in Éirinn. Rinne grúpa samplach de mhúinteoirí réamhscoile agus bunscoile ar fud na tíre an ceistiúchán sin. Tá impleachtaí ag na torthaí do bheartas agus cleachtas COLO in Éirinn, mar cuireann siad na chéad sonraí Éireannacha ar fáil faoin athrú tábhachtach seo.

Baineann Pas II den staidéar le hiniúchadh níos doimhne ar scála beag ar phróiseas an athraithe. Leanadh seachtar leanaí i gcás-staidéir ón samhradh roimh thosú na scoile in 2005, go dtí deireadh a mbliana sna naíonáin bheaga (Meitheamh 2006). Cuimsíodh agallaimh le leanaí, tuismitheoirí agus múinteoirí, breathnóireacht sa seomra ranga/sa chlós súgartha, léaráidí leanaí, agus pléghrúpaí ranga sa mhodheolaíocht a úsáideadh. Rinne an Pas seo iarracht léargas a thabhairt ar shaolta na leanaí sin le linn na tréimhse sin.

Táthar ag súil go mbeidh an tuarascáil dheiridh ón staidéar ar fáil in 2007.

Is féidir na hailt seo agus a dtagairtí a fháil ar ár láithreán gréasáin **www.cecde.ie**

Meán Fómhair/ Deireadh Fómhair 2006

Sraith Sheimineár san Fhómhar

Tionscnaimh Dírithe A Phléann Riachtanais Leanaí atá faoi Mhíbhuntáiste Oideachasúil agus Leanaí le Riachtanais Speisialta

BAILE ÁTHA CLIATH
Déardaoin, 28 Meán Fómhair 2006, 6.30pm
The Clock Tower, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

GAILLIMH
Déardaoin, 5 Deireadh Fómhair 2006, 6.30pm
Ardilaun Hotel, Gaillimh

CORCAIGH
Déardaoin, 12 Deireadh Fómhair 2006, 6.30pm
Silver Springs Hotel, Corcaigh

Breis eolas le fáil ar ár láithreán gréasáin **www.cecde.ie**

Ár nOifigeach Forbartha Nua, Maria O'Dwyer

Maria O'Dwyer

I Meán Fómhair na bliana seo caite, bhí an t-ádh liom mar ghlac mé le post mar Oifigeach Forbartha leis an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

Ar feadh na trí bliana roimhe sin, d'oibrigh mé le mná an Luchta Siúil ar thionscnamh a bhain le hoideachas sláinte, agus sin mar a thosaigh mé ag glacadh páirt ghníomhaí i bhforbairt pobail. Mar thoradh ar mo thaithí le Grúpa Forbartha Lucht Siúil Luimnigh, go háirithe an sraithradharc de mhíbhuntáiste oideachasúil agus eisiamh sóisialta, rinne mé Ph.D i Staidéar Síochána agus Forbartha; bhain an taighde a rinne mé go príomhúil le héagsúlacht i gcomhthéacs an chórais oideachais chéad leibhéal, agus an poitéinseal a bhain leis mar uirlís chun coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach.

> Is í an éagsúlacht ceann de na dúshláin is mó atá ann d'oideachasóirí faoi láthair, i dtéarmaí an bheartais agus an chleachtais.

Tá áthas an domhain orm a thuairisciú go bhfuil mo phost sa Lárionad mar fhrithpháirteachas mór chomh fada is a bhaineann le mo thaithí agus leis an taighde a rinne mé cheana – braithim gur féidir liom eolas agus taithí a thabhairt liom go dtí an post seo, agus a lán rudaí a fhoghlaim ón líon ollmhór taighde agus comhairliúcháin atá deanta ag an Lárionad cheana féin agus atá á fhorbairt aige faoi láthair. Tugann an post seo deis dom oibriú ar dhá réimse a bhfuil suim phearsanta agam iontu – éagsúlacht agus rannpháirtíocht tuismitheoirí – laistigh de dhualgas phlean oibre an Lárionaid.

Léiríonn an taighde gur féidir le leanaí chomh hóg le trí bliana d'aois dearcaí réamhchlaonta a bheith acu agus a chur in iúl. Mar sin, is í an éagsúlacht ceann de na dúshláin is mó atá ann d'oideachasóirí faoi láthair, i dtéarmaí an bheartais agus an chleachtais. Mar thoradh ar fhabraic shóisialta na hÉireann atá ag athrú go tapa, agus na srianta ar an luas lenar féidir aon athruithe ábhartha curaclaim a chur i bhfeidhm, bíonn na daoine a thugann cúram agus a chuireann oideachas ar leanaí óga ag crosbhóthar neamhchinnte maidir le déileáil leis an éagsúlacht; ar chóir aghaidh a thabhairt ar choincheap na difríochta le leanaí óga; más cóir, conas is féidir é a theagasc agus é a mheasúnú; cad iad na tacaí atá ar fáil, agus mar sin de. Tá súil agam go bhforbróidh an Lárionad páipéar seasaimh ar an éagsúlacht mar phointe tagartha do chleachtóirí agus tuismitheoirí, a thabharfaidh sainmhíniú, soiléiriú, múnlaí úsáideacha agus moltaí maidir le tacaíocht chun leanaí óga a theagasc faoi pháirt a ghlacadh i sochaí ilchultúrtha.

Bainfidh snáithe eile ríthábhachtach le hobair an Lárionaid le haitheantas a thabhairt do shuíomh lárnach na dtuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí a leanaí, agus leis an tuiscint sin a úsáid chun caidreamh úsáideach baile-cúraim/cúraim-scoile a chruthú. Arís, tosófar an obair sin le hullmhú páipéir sheasaimh a dhéanfaidh scrúdú ar na sainmhínithe agus múnlaí éagsúla maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí, agus ansin déanfar comhairliúcháin le tuismitheoirí chun an taighde a dhéanamh níos eolasaí agus níos fearr, agus chun teacht ar phíosa taighde speisialtóireachta.

Beidh an taighde agus an obair ar an éagsúlacht nasctha ag céimeanna éagsúla leis an taighde agus obair ar rannpháirtíocht tuismitheoirí, agus léiríonn sé sin go bhfuil go leor de na saincheisteanna a bhaineann le hearnáil chúram agus oideachas na luath-óige (COLO) idirnasctha agus go mbraitheann siad ar a chéile, agus leagann sé sin béim níos mó ar an tábhacht a bhaineann le feidhm chomhordúcháin an Lárionaid.

Táim ag tnúth go mór le leanúint ar aghaidh le m'obair anseo sa lárionad, agus san earnáil COLO níos leithne, agus cuirim fáilte roimh aon tuairimí, ceisteanna nó moltaí.

maria.odwyer@spd.dcu.ie

8ú - 10ú Feabhra 2007

Dóú Comhdháil Idirnáisiúnta an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Shílfeá gur fada uaidh seo go 2007 ach ní fada in aon chor! Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh an Dóú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid an Lárionaid ar siúl ó 8ú go 10ú Feabhra 2007 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Is é an teideal atá ar an gComhdháil ná: "An Fhís a Chur ag Obair: an t-ardchaighdeán a chur i réim i saol páistí óga." Is gearr go mbeimid ag cur an chéad fhógra amach agus ag lorg páipéirí agus má ba mhaith leat a bheith ar ár liosta postála, cuir riomhphost ar an Larionad le do thoil ag **early.childhood@spd.dcu.ie**

Tuairisc ar an Iniúchadh ar Thaighde

Le Kate Delaney

Mar chuid de mo chúrsa coláiste i Staidéar Luath-Óige in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, tugadh cuireadh dom tréimhse a chaitheamh ag obair leis an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige. Mar chuid den tríú bliain, bíonn deis ag na mic léinn uile ar an gcúrsa oibriú i gcomhthéacs beartais agus i suíomh cúraim leanaí araon. Déanann sé sin cinnte go mbíonn an deis ag na mic léinn uile taithí a fháil ar chleachtas agus ar bheartas le linn an tsocrúcháin oiliúna. Mar thoradh ar an gcobhsaíocht idir an dá rud sin, bíonn dearcadh leathan acu ar chúram agus oideachas na luath-óige agus is ullmhúchán maith é do shlite beatha san earnáil sin ina dhiaidh sin.

Ar feadh ceithre seachtaine, bhailigh mé agus chuir mé le chéile acmhainní chun an *Iniúchadh Taighde ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn* a thabhairt cothrom le dáta. Is éard atá san Iniúchadh sin ná bailiúchán den taighde uile a rinneadh i réimse chúram agus oideachas na luath-óige (COLO) ó 1990 go dtí 2003. Ní hamháin go ndearna an tIniúchadh iarracht an taighde uile sa réimse sin a bhailiú, ach rangaigh sé an taighde sin go téamúil. Bhí sé sin mar chabhair mhór don Lárionad agus é ag aithint bearnaí sa taighde. Tá leabhair, tuairiscí, páipéir chomhairliúcháin agus ailt ó irisí san áireamh san Iniúchadh, i measc eile, agus áirítear foilseacháin rialtais agus neamhrialtais. Tá sé tábhachtach a lua go soiléir nach ndíríonn an tIniúchadh ach ar thaighde a bhaineann le COLO in Éirinn.

Foilsíodh an chéad eagrán den Iniúchadh in 2003 agus b'acmhainn luachmhar faisnéise é do dhaoine a bhí ag obair i réimse COLO. Ceapadh gur chóir an tIniúchadh a thabhairt cothrom le dáta chun taighde a rinneadh le déanaí a chuimsiú agus chun a chinntiú go mbeadh sé fós mar acmhainn luachmhar. Tá bunachar sonraí bainteach ar láithreán gréasáin an Lárionaid a coinníodh idir an dá linn agus is féidir é a chuardach anseo: www.cecde.ie/english/databases.php.

Agus an tIniúchadh á thabhairt cothrom le dáta, baineadh úsáid as modheolaíocht cosúil leis an modheolaíocht a úsáideadh nuair a bhí taighde á dhéanamh le haghaidh an chéad eagráin. Thosaigh mé trí pháipéir ó chomhdhálacha cosúil le OMEP agus Comhdháil Idirnáisiúnta an Lárionaid a chur le chéile, i measc eile. Agus é sin á dhéanamh agam, sheiceáil mé na tagairtí i ngach páipéar freisin. Rinneadh teagmháil le ranna Rialtais, eagraíochtaí cleachtais agus taighdeoirí chun an taighde ar chóir dó a bheith cuimsithe sa dara eagrán a fháil. I dteannta sin, ba mhian leis an Lárionad an deis seo a thógáil chun aon ábhair a fágadh amach as an gcéad eagrán a chur san áireamh anois. Chuige sin, má tá aon taighde déanta nó foilsithe agat nó ag d'eagraíocht ar chóir dó a bheith curtha san áireamh san Iniúchadh, déan teagmháil le Thomas Walsh ag **Thomas.Walsh@spd.dcu.ie** ag an Lárionad nó cuir glaoch ar 01-8842164.

Réamhrá leis an Aonad Beartais d'Oideachas na Luath-Óige

Bunaíodh Aonad Beartais d'Oideachas na Luath-Óige laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Beidh an t-aonad nua comhbhunaithe in Oifig an Aire do Leanaí, rud a thabharfar tacaíocht dá shainordú comhleanúnachas níos mó a chur ar fáil i gcruthú beartais do leanaí. Cabhróidh an tionscnamh seo le saincheisteanna beartais in oideachas agus cúram na luath-óige a chomhoiriúnú le saincheisteanna i réimsí cosúil le ceartas óige, cúram leanaí, cosaint leanaí, rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga agus taighde ar leanaí agus daoine óga.

Leagadh béim ar an ngá le haonad cosúil leis sin a bhunú i raon tuarascálacha ar oideachas na luath-óige, lena n-áirítear an Páipéar Bán ar Oideachas na Luath-Óige, "Ready to Learn" (1999), Athbhreithniú Téamach ar Bheartas Oideachas agus Cúram na Luath-Óige an OECD (2004) agus Tuarascáil an NESF ar Oideachas agus Cúram na Luath-Óige (2005).

Beidh an tAonad Beartais d'Oideachas na Luath-Óige (EYEPU) freagrach as raon saincheisteanna móra a bhaineann le forbairt beartais, lena n-áirítear forbairt agus comhordú breise an chreata náisiúnta cáilíochta laistigh den Lárionad, an chreata um fhoghlaim laistigh den NCCA agus na straitéise oiliúna náisiúnta um chúram leanaí laistigh den OMC. Beidh an tAonad Beartais freagrach as pleananna a ullmhú do chur i bhfeidhm céimnithe ghné oideachas luath-óige DEIS, plean gnímh nua na Roinne do chuimsitheacht oideachais.

Ceaptar go mbeidh raon tionscnamh reatha a bhaineann le blianta na luath-óige agus a dtacaíonn an Roinn leo, cosúil le Réamhscoileanna an Túis Luaith agus an Luchta Siúil, faoi dhualgas an aonaid nua freisin. Ina theannta sin, beidh sé freagrach as maoirseacht an Lárionaid, in áit an Aonaid Bheartais Lárnaigh, agus beidh sé i ndlúthchaidreamh le rannáin eile na Roinne maidir le saincheisteanna beartais a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil do leanaí ó 0-6.

Beidh Brian Power, Príomhoifigeach, i gceannas ar an Aonad Beartais d'Oideachas na Luath-Óige. Go dtí seo, d'oibrigh sé i roinnt réimsí sa Roinn, lena n-áirítear Oifig an Ard-Rúnaí, Comhoibriú Thuaidh/Theas, agus Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Óige. Tá taithí aige freisin ar roinnt Ranna Rialtais eile, lena n-áirítear na Ranna Airgeadais, Gnóthaí Sóisialta, Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Eachtracha agus tá sé díreach tar éis teacht ar ais ó cheapachán sa Bhruiséil leis an tSeirbhís Taidhleoireachta mar Attaché Oideachais agus Comhairleoir in Ionadaíocht Bhuan na hÉireann chuig an Aontais Eorpaigh.